

Cosaint Sonraí
Toiliú i gComhthéacs na Scoile

Údar: Hugh Jones

Speisialtóir um Chosaint Sonraí

Sytorus Data Protection Consultancy

Clár

Achoimre.....	3
Eochairfhocail	3
Réamhrá	4
Reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí.....	4
Freagracht as Comhlíonadh	4
Sainmhínte	4
Na Rialacha um Chosaint Sonraí	5
Toiliú.....	6
Meastóireacht ar Thoiliú	6
Conclúid.....	7
Tuilleadh Eolais:	8
Próifíl – Hugh Jones.....	8
Aguisín I - Treoirlínte do Pholasaí um Chosaint Sonraí.....	9

Achoimre

Tá reachtaíocht na hÉireann agus an AE um Chosaint Sonraí ceaptha le príobháideachas agus sonraí pearsanta aon duine aonair a chosaint, beag beann ar aois. Meastar gur Ábhair Sonraí iad leanaí, arna gcosaint go cothrom ag an reachtaíocht.

Riachtanas tábhachtach is ea é go mbeadh próiseáil ar bith dá sonraí pearsanta cóir, critéar atá an-suibiachtúil.

Sa cháipéis seo, tá sé de rún agam an bunús leis an riachtanas seo a thabhairt, agus comhairle a chur freisin ar scoileanna agus eagraíochtaí óige a mbíonn próiseáil ar siúl acu go rialta ar shonraí pearsanta dhaoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois – an pointe a nglactar leis i gcoitinne mar theorainn idir leanaí agus daoine fásta.

Tríd is tríd, déanfaidh mé iarracht moltaí pragmatacha a thabhairt le cur ar chumas scoileanna agus eagraíochtaí sonraí pearsanta a bhainistiú ar bhealach comhlíontach, agus a gcuspóirí riaracháin á mbaint amach acu.

Eochairfhocail

Cosaint Sonraí, Achtanna na hÉireann um Chosaint Sonraí, Comhlíonadh, Rialaitheoir Sonraí, Próiseálaí Sonraí, Ábhar Sonraí, Toiliú, Próiseáil Chóir, Sonraí Pearsanta Íogaire.

Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag an gcáipéis seo léargas achomair a thabhairt ar reachtaíocht a hÉireann um Chosaint Sonraí, le tagairt ar leith do Rialacha 1 agus 2, a áiríonn cúinsí tábhachtacha maidir le toiliú cuí a lorg agus a fháil chun sonraí pearsanta a phróiseáil.

Reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí

Tá dhá Acht i reachtaíocht na hÉireann a chlúdaíonn go sainsiúil na dualgais a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta:

- An tAcht um Chosaint Sonraí 1988 (an Príomh-Acht) agus
- An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003.

Cosnaíonn an reachtaíocht sonraí pearsanta a choimeádtar go leictreonach (sonraí uathoibrithe) nó i bhfoirm páipéir (sonraí láimhe), a fhad i a choimeádtar iad i bhfoirm eagraithe, innéacsaithe (córas ábharthach comhdúcháin).

Freagracht as Comhlíonadh

Fanann an phríomhfhreagracht as comhlíonadh leis an Rialaitheoir Sonraí, sa chomhthéacs seo an scoil, an coláiste nó an institiúid atá ag próiseáil na sonraí, agus ansin leathnaítear í chuig Próiseálaithe Sonraí, i.e. aon eagraíocht tríú páirtí a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla don Rialaitheoir Sonraí. Áiríonn an grúpa sin eagraíochtaí tacaíochta TF, altraí scoile srl.

Sainmhínte

Sonraí Pearsanta

Ciallaíonn sonraí pearsanta sonraí trínar féidir duine beo a aithint, bíodh sé sin go díreach (ainm agus seoladh srl) nó go hindíreach (uimhir aitheantais scoláire, uimhir phas, uimhir thagartha srl). Is féidir le sonraí pearsanta na nithe seo a leanas a áireamh: taifid riaracháin scoile, torthaí ar thrialacha inniúlachta agus síciméadracha, ábhar físe agus CCTV, nótaí treorach, eolas faoi theaghlach níos leithne, riachtanais speisialta, tagairtí tríú-páirtí, torthaí scrúduithe, grianghrafa srl.

Lán-aois

Níl aon aois íosta nó uasta ag a bhfuil an reachtaíocht seo i bhfeidhm. Níl de chritéar sainmhínte ann ach go gcaithfidh na sonraí pearsanta a bheith ag baint le ‘duine beo’. Baineann cosaint reachtaíocht na hÉireann le daoine de gach aois, lena n-áirítear leanaí, déagóirí agus aosaigh óga, a fhad agus a déantar a gcuid sonraí a phróiseáil laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann.

Moladh: Nuair atá scoil ag próiseáil sonraí leanaí faoi aois (a thuigtear de ghnáth mar dhuine ar bith faoi bhun 18 mbliana d’aois), moltar tuismitheoirí nó caomhnóirí an linbh a chur ar an eolas faoi phróiseáil dá leithéid.

Nuair atá scoil ag próiseáil sonraí scoláirí atá os cionn 18 mbliana d'aois, ba chóir caitheamh le scoláirí dá leithéid mar aosaigh agus ba chóir próiseáil a sonraí pearsanta a mhíniú leo go díreach.

Na Rialacha um Chosaint Sonraí

Mar Rialaitheoir Sonraí, ní mór do bhainistíocht na scoile agus a foireann uile cloí leis an ocht riail um chosaint sonraí atá leagtha síos sa reachtaíocht. Baineann Rialacha 1 agus 2, a leagtar amach thíos, le toiliú ar bhealach ar leith.

Riail 1: Ní mór na sonraí a fháil go **cóir cothrom**, más féidir le toil agus feacht an Ábhair Sonraí, agus mar is cuí, a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí.

Moladh: Mura bhfuil ceann ag an scoil cheana, molaimid don scoil Polasaí um Chosaint Sonraí a dhréachtadh a thugann cur síos ar thiomantas na scoile do shonraí pearsanta a fháil, a choimeád, a phróiseáil agus a stóráil faoi réir na reachtaíochta.

Moladh: Ós rud é go bhfuil tromlach na scoláirí a mbíonn a sonraí pearsanta á bpróiseáil ag an scoil faoi bhun 18 mbliana d'aois, ba chóir don scoile cumarsáid a dhéanamh lena dtuismitheoirí nó lena gcaomhnóirí ag tús gach scoilbhliana, ag míniú an scéil go ndéanfar sonraí na scoláirí a fháil agus a phróiseáil do roinnt cúiseanna, ag teacht le gníomhaíochtaí na scoile (an cur síos próiseála a luaitear thuas).

Riail 2: Ní féidir na sonraí a fháil **ach amháin le haghaidh críche sonraithe amháin nó níos mó** – ní mór don Rialaitheoir Sonraí a bheith in ann cúis a thabhairt leis na sonraí a fháil, a stóráil, a phróiseáil agus a úsáid.

Moladh: Déan machnamh ar na cúiseanna éagsúla go mbíonn gá ag scoil le sonraí scoláirí, agus an tacar is lú de shonraí atá de dhíth chun na cúiseanna sin a shásamh. Ansin ba chóir don scoil gabháil na sonraí pearsanta a theorannú don tacar sonraí seo. Ba chóir d'fhoireann na scoile diúltú don chathú le sonraí pearsanta breise a bhailiú – uimhreacha fóin póca, seolta r-phoist srl., ach amháin má tá na sonraí de dhíth go sainiúil do chás ar leith (m.sh. do thuras scoile, tionscnamh aonuaire, srl.).

Tugann an reachtaíocht cnuasach de roghanna chuig eagraíochtaí, ar a dtugtar na Coinníollacha Próiseála Dleathacha, ónar féidir cúis amháin nó níos mó a roghnú lena bpróiseáil ar na sonraí pearsanta. Níl sa toiliú ach rogha amháin acu seo. I measc na roghanna eile tá dualgas conartha nó dlí, próiseáil do leasa riachtanacha an duine aonair, nó chun feidhm Aire a chur i gcrích (m.sh. polasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna a chur i bhfeidhm).

Tá sé se an-tábhachtach, agus is minic go ndéantar neamhaird de: Cé go bhfuil sé inmhianaithe agus luachmhar toiliú a bheith ann do phróiseáil atá beartaithe ar na sonraí, níl sé riachtanach i gcónaí toiliú a bheith ann, ach go háirithe más féidir leis an scoile tagairt a dhéanamh do Choinníoll eile a thugann cúis le próiseáil sonraí an scoláirí.

Toiliú

Áiríonn na critéir i gcoitinne do thoiliú riachtanas go mbeadh an toiliú:

- soiléir
- feasach,
- sainiúil agus
- go mbeadh léiriú gníomhach ann de thoiliú an duine a bhfuil, nó a mbeidh, próiseáil á dhéanamh ar a s(h)onraí.

Tá foráil i reachtaíocht na hÉireann um Cosaint Sonraí:

“sa chás nach mbeidh nó nach dócha go mbeidh duine ábalta, mar gheall ar a (h)éagumas fisiceach nó meabhrach nó mar gheall ar a (h)aois, an nádúr agus an éifeacht a bhaineann le toiliú a thabhairt a thuiscint, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir, ... an toiliú sin a thabhairt, ar an gcoinníoll nach bhfuil tabhairt an toilithe sin toirmisce ag an dlí.” (Alt 2A(1))

Má tá duine faoi bhun 18, éilíonn na hAchtanna ar an scoil breithiúnas a dhéanamh cé acu an féidir leis an duine óg na himpleachtaí a bhaineann le tabhairt toilithe a thuiscint.

I gcomhthéacs an oideachais, luaitear cearta na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí, sa Bhunreacht agus sa reachtaíocht a bhaineann le Cosaint Sonraí agus le hOideachas. Mar sin, molann Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí gurb fhiú do scoil toiliú tuismitheoirí nó chaomhnóirí scoláire a fháil roimh phróiseáil ar a sonraí pearsanta.

Moladh: Ba chóir do bhainistíocht na scoile cur síos gairid a ullmhú a mhíníonn a gcúiseanna le sonraí pearsanta scoláire a bhailiú agus a phróiseáil. B’fhéidir go n-áireodh sé seo na nithe seo a leanas:

- an scoil a ainmniú mar Rialaitheoir Sonraí,
- raon na sonraí a bheidh de dhíth orthu,
- eagraíochtaí ar bith eile is dócha a bheidh páirteach sa phróiseáil,
- an próiseáil is dócha a chuirfidh siad i gcrích, agus
- eolas ar bith eile a dhéanfaidh an phróiseáil cóir.

Ní thugann an reachtaíocht um Chosaint Sonraí teimpléad do chur síos dá leithéid, ach tá achoimre sa aguisín leis an alt seo a thugann roinnt moltaí maidir le hailt a bheadh sa chonradh.

Meastóireacht ar Thoiliú

Má thugann scoláire toiliú lena gcuid eolais pearsanta a phróiseáil, ní mór an toiliú sin a bheith feasach agus tugtha go soiléir. D’fhonn a mheas cé acu an bhfuil leanbh ábalta toiliú feasach a thabhairt do phróiseáil sonraí, ba chóir na ceistanna seo a leanas a chur san áireamh:

- An bhfuil an próiseáil atá beartaithe ar a sonraí pearsanta mínithe agat ar bhealach atá in oiriúint dá n-aois, teanga agus tuiscint?

- An dtuigeann an scoláire go soiléir cad atá á iarradh orthu toiliú leis, m.sh. próiseáil ar a sonraí pearsanta ar bhealach ar leith, comhroinnt a sonraí le heagraíocht eile srl?
- An bhfuil tuiscint réasúnta ag an scoláire ar raon na sonraí pearsanta a phróiseálfar nó a chomhroinnfear, na príomhchúiseanna lena bpróiseáil agus na himpleachtaí a bhaineann le tabhairt na faisnéise do dhaoine eile?
- Ar tugadh eolas don scoláire faoi na roghanna gnímh atá ar fáil dóibh, agus an raibh sé/sí ábalta in ann iad sin a thuiscint agus a chur i gcomparáid?
- Agus léiriú á thabhairt aige/aici ar a t(h)oiliú, an bhfuil an scoláire ábalta dearcadh soiléir pearsanta a chur in iúl, atá réasúnta comhsheasmhach, maidir leis an scéal?

Mura bhfuil leanbh ábalta toiliú ansin, más cuí, ba chóir toiliú a lorg agus a fháil ó dhuine a bhfuil freagracht tuismitheora acu as an leanbh.

Cuidítear le scoileanna agus eagraíochtaí eile cinneadh cé acu an bhfuil scoláire ‘fásta a dhóthain’ le toiliú a thabhairt trí thagairt do Chritéir Inniúlachta Gillick. Eascaíonn na critéir seo as cás cúirte i Norwich i lár na 1980í, inar léiríodh go raibh cailín 16 bliana d’aois aibí a dhóthain leis na himpleachtaí a bhain le comhairle leighis ar leith a thuiscint, agus dá bhrí sin, nach raibh gá le toiliú a tuismitheoirí le go dtabharfadh sí toiliú don chóir leighis ar leith sin.

Mar sin, ghlacfaí leis go mbeadh duine óg 18 mbliana d’aois nó níos sine, nó duine óg faoi bhun 18 mbliana d’aois, a bhfuil an cumas acu tuiscint agus a gcinntí féin a dhéanamh, “Inniúil de réir Gillick”. Mar riail i gcoitinne, ní dócha ar chor ar bith go measfaí go mbeadh leanbh faoi bhun 13 bliana d’aois “Inniúil de réir Gillick”, mar sin is gnách meastóireacht ar na critéir Gillick a bheith ann nuair a bhíonn scoláire idir 14 agus 18 mbliana d’aois, ach amháin má tá cúinsí ar leith ann.

Ina theannta sin, ba chóir don scoile a mheabhrú gur féidir bac a bheith ar inniúlacht dhaoine óga mar thoradh ar chúinsí amhail strus scrúduithe, drochshláinte nó riachtanais speisialta, agus dá bhrí sin gur féidir ócáidí a bheith ann nuair nach gceadófar sonraí pearsanta scoláire suas le 18 mbliana d’aois ach le cead tuismitheora.

Conclúid

Ba chóir breathnú ar reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí reachtaíocht mar rud a éascaíonn dea-riarachán scoile agus oifige, murab ionann agus bac a chur air.

Trí thoiliú scoláirí a lorg do phróiseáil a sonraí i gcúinsí cuí, bíonn meas ag an scoil ar chearta an duine agus ar a gcumas le smaoineamh as a stuaim féin agus le himpleachtaí agus le torthaí a gcinntí a thuiscint.

Ina theannta sin, má chinneann scoil nach bhfuil an duine inniúil le toiliú a thabhairt, bunaithe ar na critéir a leagtar amach thuas, tá sé de rogha ag an scoil toiliú a lorg ó tuismitheoir nó caomhnóir, nó próiseáil na sonraí pearsanta a chosaint ag tagairt do Choinníollacha eile a thugtar sa reachtaíocht.

Tuilleadh Eolais:

Is féidir léargas praiticiúil ar reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí na hÉireann ag www.DataProtection.ie.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ag: **1890 252 231**.

Próifíl – Hugh Jones

Speisialtóir um Chosaint Sonraí is ea Hugh Jones, agus é ina bhunaitheoir agus stiúrthóir ar Sytorus (www.sytorus.com), sainchomhairleoireacht mhór Éireannach um bhainistiú sonraí.

Cuireann Sytorus oiliúint, seirbhísí comhairle gairmiúla agus measúnuithe ar fáil maidir le comhlíonadh um chosaint sonraí do réimse leathan d'eagraíochtaí agus d'earnálacha tionscail.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Hugh ag Hugh.Jones@Sytorus.com.

Aguisín I - Treoirínite do Pholasáí um Chosaint Sonraí

Cé nach gcuireann reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí tacar ar bith saintreorach ar fáil do Pholasáí foirmiúil, is féidir tátal a bhaint as gur chóir go mbeadh na nithe seo a leanas i bPolasaí eagraíochta (níl ord ar leith tosaíochta leo seo):

- Aitheantas soiléir ar an Eagraíocht féin, lena n-áirítear a seoladh cláraithe
- Cur síos ar chatagóir nó catagóirí na sonraí pearsanta atá de dhíth ar an eagraíocht dá hoibríochtaí ó lá go lá
- An chúis nó na cúiseanna go bhfuil sonraí dá leithéid de dhíth ar an eagraíocht
- Cur síos ar na cúinsí inar féidir leis an eagraíocht soláthróir tríú páirtí a fhostú chun sonraí pearsanta a phróiseáil ar a son
- Deimhniú go bhfuil an eagraíocht eolach faoina hoibleagáidí faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, agus go bhfuil sí tiomanta le cloí leis na hoibleagáidí sin
- Sonraí teagmhála trínar féidir le hÁbhar Sonraí aon bhuarthaí um bhainistiú sonraí a clárú leis an eagraíocht.